Iarratas ar cheadú ó na Coimisinéirí Ioncaim
IDIRGHABHÁLAÍ AITHEANTA

Faoin reachtaíocht chuí (féach nóta 1), ní ghearrtar dleacht stampa ar idirghabhálaí aitheanta i leith urrúis Éireannacha a bheith aistrithe chuige nó chuici, sa chás nach ndéantar an t-aistriú sin i ndáil le gnó eisiata mar a shainmhínítear sa reachtaíocht chuí.

Ainm & Seoladh an Iarratasóra (Eircode san áireamh, más infheidhmithe):

(1) Deimhníonn muid gur ballghnólacht muid de chuid:

Irish Stock Exchange Limited ☐

London Stock Exchange plc ☐

Stocmhalartán nó margadh ainmnithe eile ☐ Sonraigh:

(2) **Aitheantais Rannpháirtí CREST:**
(féach nóta 2)

(3) Déanann muid iarratas leis seo ar cheadú mar idirghabhálaí aitheanta de réir bhrí na reachtaíochta cuí.
Chuige seo dearbhaíonn muid –

a. go bhfuil an reachtaíocht chuí breithnithe againn agus dearbhaíonn muid gur idirghabhálaí muid mar a shainmhínítear sa reachtaíocht chuí;
b. nach déanfaidh muid éileamh ar fhaoiseamh mar idirghabhálaí aitheanta maidir le haon aistriú urrús a dhéantar i ndáil le gnó eisiata mar a shainmhínítear sa reachtaíocht chuí;
agus
c. toilleann muid leis seo taifid chuí na gnólachta a chur ar fáil d'oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nuair a theastaíonn siad, chun críocha comhlíontacht leis an reachtaíocht chuí a fhíorú.

(4) Seo a leanas an seoladh lena bhféadann na Coimisinéirí Ioncaim teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir maidir lena chuntasaíocht i leith dleacht stampa (Eircode san áireamh, más infheidhmithe):

Fón: Ríomhphost:

Ainm: Cáil:
(BLOCLITREACHA) (Stiúrthóir, Rúnaí na Cuideachta, srl.)

Síniú: Dáta: L L M M B B B B

Nótaí

1 Ciallaíonn an reachtaíocht chuí Alt 75 den Acht Comhdhlúite Dleachta Stampa, 1999, arna ionadú le hAlt 109 (1)(d) den Acht Airgeadais, 2007.

2 Sonraigh gach Aitheantas Rannpháirtí CREST a bhfuil ceadú á lorg ina leith.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie** ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.